

An Chónaitheacht

Mairfidh an tréimhse chónaithe ar feadh ceithre mhí ar fad, is féidir tabhairt fúithi idir mhíonna na Bealtaine agus Mheán Fómhair 2021 agus seans go mbeidh sé fíorúil den chuid is mó. Is é sin le rá, ní bheidh sé riachtanach don ealaíontóir cónaithe bheith i láthair go fisiciúil i bhfoirgnimh na Cartlainne agus an Mhúsaem ar feadh tréimhsí fada. Ina áit sin, tá sé i gceist go ndéanfar cuid mhaith den saothar cruthaitheach ó chian, cé go dtabharfar go leor deiseanna don ealaíontóir rochtain fhisiciúil a fháil ar na bailiúcháin thuasluaite, agus ar níos mó go deimhin. Táthar ag súil freisin go mbeidh deis ann an saothar ealaíne a chur i láthair go poiblí le linn na cónaitheachta i bhfoirgneamh Mhúsaem Contae Dhún na nGall, nó ar ardán gaolmhar ar líne.

Gheobhaidh an t-ealaíontóir a roghnófar stipinn €8,000 a mheastar go gclúdódh sí sin táillí gairmiúla an ealaíontóra agus na cánacha bainteacha, mar aon le costais bhreise amhail taisteal, guthán agus costais eile a bhaineann leis an chianobair. Cuirfear €2,000 breise ar fáil i dtreo chostais na n-ábhar a bheidh ag teastáil chun an saothar ealaíne a chruthú agus a chur i láthair go poiblí mar thoradh ar an Chónaitheacht.

Tá an Chónaitheacht mar chuid de chlár Dheich mBliana na gCéad 1912-23 de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus tá sí arna tacú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, faoin Snáithe Pobail de Thionscnamh Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2013.

Cé na daoine ar féidir leo iarratas a chur isteach?

Tá an deis Chónaitheachta seo ar oscailt le haghaidh **(1.)** ealaíontóirí gairmiúla as gach disciplín, is é sin, iarratasóirí a shainaithníonn iad féin de ghnáth, a bhféachann a bpiaraí orthu, mar ealaíontóirí gairmiúla a bhíonn i mbun cleachtais. Cé go bhféadfadh sé nach óna gcleachtas ealaíne amháin a fhaigheann siad ioncam, ní mór dóibh **(2)** bheith in ann a léiriú go bhfuil taithí réasúnta acu ina bhfoirm ealaíne ar leith. Chun iarratas a chur isteach ar an Chónaitheacht ní mór d'ealaíontóirí **(3.)** bheith ina gcónaí nó ag obair i nDún na nGall faoi láthair nó, i gcás ealaíontóirí a rugadh i nDún na nGall ach atá ina gcónaí agus ag obair taobh amuigh den chontae, ní mór go bhfuil saothar suntasach déanta acu sa chontae, nó bainteach leis an chontae, sna trí bliana seo caite.

Na Critéir don Mheasúnú

- Láidreacht chruthaitheach agus ealaíonta an Tionscadail Cónaitheachta atá beartaithe agus an méid a gcuirfidh sé le Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán (40%)
- Cáilíochtaí gairmiúla agus taithí an ealaíontóra maidir le hobair go dtí seo (25%)
- Cumas an ealaíontóra Clár Cónaitheachta rathúil a chur i gcrích (20%)
- An chaoi a bhfuiltear ag súil go mbeidh baint ag an phobal le saothar na Cónaitheachta agus an méid a gcuirfidh sé le rannpháirtíocht an phobail i Seirbhísí an Mhúsaeim agus na Cartlainne (15%)

Ní mór **Foirmeacha Iarratais Comhlánaithe**, mar aon leis na cáipéisí tacaíochta cuí, a chur isteach **trí R-phost amháin** chuig: museum@donegalcoco.ie. Is é an Dáta Deiridh a ghlacfar le hlarratais Chomhlánaithe ná Am Scoir Gnó (**4.30pm**) **Dé hAoine, an 30 Aibreán 2021**.

Má tá **Ceisteanna Eile** agat maidir leis an treoir seo, seol r-phost chuig museum@donegalcoco.ie roimh an 23 Aibreán 2021.